



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséal, 5.10.2022
COM(2022) 522 final

2022/0323 (NLE)

Togra le haghaidh

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann Euratom ag an 33ú cruinniú den
Chomhdháil maidir leis an gCairt Fuinnimh**

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

• Forais agus cuspóirí an togra

Baineann an togra seo leis an gcinneadh lena mbunaítear an seasamh atá le glacadh thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach (dá ngairtear ‘Euratom’ anseo feasta), a mhéid a bhaineann le hábhair a thagann faoi Chonradh Euratom, ag an 33ú cruinniú den Chomhdháil maidir leis an gCairt Fuinnimh i ndáil leis na leasuithe atá beartaithe ar an gConradh um Chairt Fuinnimh (CC 760) a ghlacadh agus le formheas (i) na modhnuithe agus na n-athruithe atá beartaithe ar na hIarscríbhinní a ghabhann leis an gConradh um Chairt Fuinnimh (CC 761), (ii) na n-athruithe atá beartaithe ar Chomhaontuithe, Dearbhuithe agus Cinntí (CC 762), agus (iii) cinnidh maidir le teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm sealadach leasuithe ar an gConradh um Chairt Fuinnimh agus athruithe/modhnuithe ar na hIarscríbhinní a ghabhann leis (CC 763). Tá glacadh na leasuithe ar an gConradh um Chairt Fuinnimh agus na bhformheasanna breise le rith go comhuaineach ag an gComhdháil maidir leis an gCairt Fuinnimh.

An Conradh um Chairt Fuinnimh

Is comhaontú iltaobhach trádála agus infheistíochta é an Conradh um Chairt Fuinnimh (ECT) a bhfuil feidhm aige maidir leis an earnáil fuinnimh a síníodh in 1994 agus a tháinig i bhfeidhm in 1998. Tá forálacha in ECT maidir le cosaint infheistíochta, trádáil agus iompar in ábhair agus i dtáirgí fuinnimh, agus sásraí um réiteach díospóidí. Le ECT, cuirtear creat ar bun freisin maidir le comhar idirnáisiúnta i réimse an fhuinnimh idir na 54 Pháirtí Chonartha ann. Is páirtí an tAontas Eorpach in ECT, in éineacht le Euratom¹, 26 Bhallstát de chuid an Aontais², chomh maith leis an tSeapáin, an Tuirc agus formhór na dtíortha ó na Balcáin Thiar agus ó APSS roimhe seo, cé is moite den Rúis³ agus den Bhealarúis⁴.

An Chomhdháil maidir leis an gCairt Fuinnimh

Is í an Chomhdháil maidir leis an gCairt Fuinnimh an comhlacht rialaithe agus cinnteoireachta don phróiseas maidir leis an gCairt Fuinnimh agus bhunaigh ECT í. Tá gach stát nó Eagraíocht Réigiúnach um Chomhtháthú Eacnamaíochta (amhail an tAontas Eorpach agus Euratom) a shínigh ECT nó a d’aontaigh dó ina chomhalta den Chomhdháil, ar Comhdháil í a thagann le chéile ar bhonn rialta chun saincheistanna a dhéanann difear do chomhar san earnáil fuinnimh idir shínteoirí ECT a phlé, athbhreithniú a dhéanamh ar chur chun feidhme fhorálacha CET agus an Phrótaicail um Chairt Fuinnimh maidir le héifeachtúlacht fuinnimh agus gnéithe gaolmhara comhshaoil, agus féachaint ar ionstraimí nua agus gníomhaíochtaí comhpháirteacha a d’fhéadfadh a bheith ann faoi chuimsiú chreat na Cairte Fuinnimh. Go sonrach, glacann an Chomhdháil maidir leis an gCairt Fuinnimh le téacsanna leasuithe ar ECT agus formheasann sí modhnuithe ar na hIarscríbhinní a ghabhann le ECT agus athruithe teicniúla orthu. Agus vótáil á déanamh ar leasuithe molta ar théacs ECT, ritheann an Chomhdháil maidir leis an gCairt Fuinnimh na leasuithe a ghlacadh trí vóta d’aon ghuth na

¹ Cinneadh 98/181/CE ón gComhairle agus ón gCoimisiún, CEGC, Euratom an 23 Meán Fómhair 1997 maidir leis na Comhphobail Eorpacha do thabhairt i gcrích an Chonartha um Chairt Fuinnimh agus an Phrótaicail um Chairt Fuinnimh maidir le héifeachtúlacht fuinnimh agus gnéithe gaolmhara comhshaoil (IO L 69, 9.3.1998, lgh. 1-116).

² Gach Ballstát seachas an Iodáil a tharraing siar go haontaobhach in 2015.

³ Tharraing an Chomhdháil urghnách maidir leis an gCairt Fuinnimh an 24 Meitheamh 2022 siar stádas breathnóra Chónaidhm na Rúise.

⁴ Tharraing an Chomhdháil urghnách maidir leis an gCairt Fuinnimh an 24 Meitheamh 2022 siar stádas breathnóra na Bealarúise agus cur i bhfeidhm sealadach ECT ag an mBealarúis.

bPáirtithe Conarthacha atá i láthair agus a chaitheann vóta. Tá líon vótaí ag an Aontas agus Euratom atá cothrom le líon na mBallstát atá ina bPáirtithe Conarthacha in ECT, ar choinníoll nach bhfeidhmeoidh an tAontas nó Euratom a cheart vótála má fheidhmíonn a Bhallstáit a gceart vótála, agus *vice versa*.

Na cinntí atá le glacadh ag an gComhdháil maidir leis an gCairt Fuinnimh

An 22 Samhain 2022, le linn an 33ú cruinniú de chuid na Comhdhála maidir leis an gCairt Fuinnimh, tá an Chomhdháil le ceithre chinneadh a bhaineann le nuachóiriú ECT a ghlacadh. Déanfar na cinntí sin go comhuaineach agus is mar a leanas an cuspóir atá leo:

- na leasuithe atá beartaithe ar théacs ECT (CC 760) a ghlacadh;
- na modhnuithe atá beartaithe ar na hIarscríbhinní a ghabhann le ECT (CC 761) a fhorghnó;
- na hathruithe atá beartaithe ar Chomhthuiscintí, Dearbhuithe agus Cinntí (CC 762) a fhorghnó; agus
- an cinneadh maidir le teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm sealadach leasuithe ar théacs ECT agus athruithe/modhnuithe ar na hIarscríbhinní a ghabhann leis (CC 763) a fhorghnó.

In éagmais aon nuashonrú suntasach ar ECT ó na 1990idí, chuaigh ECT as dáta de réir a chéile. Thairis sin, le himeacht ama bhí sé ar cheann de na conarthaí infheistíochta ba mhíne ar domhan a bhí ina ábhar dlíthíochta, agus ba ar Bhallstáit an Aontais Eorpaigh a díriodh éilimh infheisteoirí, a bhfuil a bhformhór bunaithe i dtíortha eile san Aontas. Mar thoradh air sin, cuireadh tús le próiseas nuachóirithe i mí na Samhna 2018. Ar dtús, d'fhorghnó an Chomhdháil maidir leis an gCairt Fuinnimh liosta ábhar le plé, a bhaineann go príomha le forálacha maidir le cosaint infheistíochta. Mhol an tAontas ansin deireadh a chur le cosaintí d'infheistíochtaí i mbreoslaí iontaise, chun ECT a thabhairt i gcomhréir le Comhaontú Pháras.

Tar éis 15 bhabhta caibidlíochta iltaobhacha a tionóladh idir mí Iúil 2019 agus mí an Mheithimh 2022, thángthas ar 'comhaontú i bprionsabal' chun clabhsúr a chur ar chaibidlíocht ag an gComhdháil urghnách maidir leis an gCairt Fuinnimh an 24 Meitheamh 2022 sa Bhruiséil. Rinneadh athbhreithniú dlíthiúil ar théacs athbhreithnithe ECT agus ar na hIarscríbhinní a ghabhann leis as sin go dtí lár mhí Lúnasa. Ina dhiaidh sin, na dréachtchinntí críochnaitheacha (CC 760, CC 761, CC 762 agus CC 763) ina raibh na téacsanna athbhreithnithe, roinneadh iad an 19 Lúnasa 2022 le gach Páirtí Conarthach, lena n-áirítear an tAontas, Euratom, agus gach Ballstát den Aontas atá ina Pháirtí Conarthach in ECT.

Ag an 33ú cruinniú den Chomhdháil maidir leis an gCairt Fuinnimh an 22 Samhain 2022, beidh na cinntí a bhaineann le nuachóiriú ECT faoi réir vóta d'aon ghuth. Má éiríonn leis an vótáil, i.e. mura ndéanfaidh aon Pháirtí Conarthach agóid, measfar go mbeidh na cinntí chun ECT a nuachóiriú 'glactha' ag an gComhdháil maidir leis an gCairt Fuinnimh. Spreagfaidh an glacadh sin próisis ina dhiaidh sin chun gnéithe éagsúla an phacáiste athchóirithe a dhaingniú, a chur i bhfeidhm go sealadach agus a theacht i bhfeidhm ina dhiaidh sin.

Cur i bhfeidhm sealadach na leasuithe ar ECT agus gnéithe eile an nuachóirithe, beidh siad á rialú ag an gcinneadh maidir le teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm sealadach leasuithe ar théacs ECT agus athruithe/modhnuithe ar na hIarscríbhinní a ghabhann leis (CC 763). I gcomhréir leis an gcinneadh sin, is go huathoibríoch a dhéanfaidh na Páirtithe Conarthacha uile an nuachóiriú a chur i bhfeidhm go sealadach ón 15 Lúnasa 2023. Mar sin féin, féadfaidh aon Pháirtí Conarthach dearbhú a sheachadadh chuig an taiscí (an Phortaingéil) roimh an 23 Feabhra 2023 nach bhfuil sé in ann glacadh le cur i bhfeidhm sealadach na leasuithe ar ECT,

lena gceadaítear go héifeachtach do gach Páirtí Conarthach gan a bheith páirteach sa chur i bhfeidhm sealadach. Cuirfidh Rúnaíocht ECT na dearbhuithe sin ar fáil don phobal. Fiú má dhéanann Páirtí Conarthach dearbhú den sórt sin ar dtús, féadfaidh sé an dearbhú a tharraingt siar arís tráth ar bith, rud a cheadóidh dó nuachóiriú ECT a chur i bhfeidhm go sealadach tráth níos déanaí.

Leis an togra seo le haghaidh cinneadh faoi Airteagal 101 de Chonradh Euratom, féachtar leis an seasamh atá le glacadh thar ceann Euratom, a mhéid a bhaineann le hábhair a thagann faoi Chonradh Euratom, ag an 33ú cruinniú den Chomhdháil maidir leis an gCairt Fuinnimh i leith na gcinntí (CC 760, CC 761, CC 762 agus CC 763) a bhunú a ndéantar tuairisc orthu thuas.

Ag an am ceanna, molann an Coimisiún go nglacfaí comhaontú ina dhiaidh sin, de réir bhrí Airteagal 31(3)(a) de Choinbhinsiún Vín maidir le Dlí na gConarthaí (VCLT), idir an tAontas Eorpach, Euratom, agus na Ballstáit maidir le léirmhíniú ECT. Ba cheart go n-áireofaí sa chomhaontú sin, go háirithe, deimhniú nach raibh, nach bhfuil, agus nach mbeidh feidhm riamh ag ECT laistigh den Aontas, nach féidir le ECT a bheith mar bhonn do nósanna imeachta eadrána laistigh den Aontas, agus nach bhfuil feidhm ag an gclásal éagtha laistigh den Aontas. Ba cheart oibleagáidí na mBallstát a leagan amach ann freisin i gcás ina mbeidh siad rannpháirteach i nósanna imeachta eadrána de bhun iarrata bunaithe ar Airteagal 26 de Chonradh ECT.

Ba é léirmhíniú comhsheasmhach an Aontais nach bhfuil feidhm ag ECT maidir le díospóidí idir Ballstát agus infheisteoir de chuid Ballstáit eile a bhaineann le hinfheistíocht a rinne an t-infheisteoir sa Bhallstát sin. Rinne Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (CBAE) an léiriú sin a dhearbhu go sonrach ina breithiúnas *Komstroy*⁵. Mar sin féin, chinn binsí eadrána nach bhfuil siad faoi cheangal ag breithiúnais CBAE agus leanann siad de bheith á chinneadh sin. Chun cosc a chur ar bhinsí leanúint de bheith ag glacadh le dlínse i ndíospóidí den sórt sin, is gá léirmhíniú barántúil ECT a athdhearbhú, go sainráite agus go soiléir. Is trí chomhaontú de réir bhrí Airteagal 31(3)(a) VCLT an bealach is iomchuí chun sin a dhéanamh.

Cé go ndéanfaidh an comhaontú sin léirmhíniú an Aontais agus a Bhallstát a chódú i gconradh ar leith (rud is féidir a dhéanamh mar gheall ar chineál déthaobhach na n-oibleagáidí), déanfaidh nuachóiriú ECT tuiscint na bPáirtithe Conarthacha uile nach bhfuil feidhm ag Airteagal 26 laistigh den Aontas a leabú sa téacs féin agus trí chlásal ‘ar mhaithe le cinnteacht níos fearr’. Cuideoidh an dá ghné le deireadh a chur le haon débhríocht agus le deireadh a chur leis na rioscaí atá ann faoi láthair nó na rioscaí a bheidh ann amach anseo maidir le headráin laistigh den Aontas faoi ECT leis an méid deimhneachta dlíthiúla is gá.

An seasamh atá le glacadh thar ceann Euratom

Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún, thar ceann Euratom, a mhéid a bhaineann le hábhair a thagann faoi Chonradh Euratom, ag an 33ú cruinniú den Chomhdháil maidir leis an gCairt Fuinnimh an 22 Samhain 2022, na seasaimh a bhfuil tuairisc orthu i bpointí 1 go 4 thíos a ghlacadh.

Maidir leis na leasuithe atá beartaithe ar théacs ECT (CC 760) a ghlacadh

Is éard atá sna leasuithe atá beartaithe ar théacs ECT (CC 760) feabhsuithe substaintiúla lena gcuirfear ECT i gcomhréir go héifeachtach le caighdeáin nua-aimseartha maidir le cosaint infheistíochta agus le seasaimh an Aontais i bhfóraim eile (e.g. UNCITRAL⁶). Leis na leasuithe sin, freisin, cuirfear ECT i gcomhréir le cur chuige an Aontais maidir le cosaint

⁵ Cás C-741/19 *Poblacht na Moldóive v. Komstroy LLC*, an 2 Meán Fómhair 2021.

⁶ Coimisiún na Náisiún Aontaithe um Dhlí Trádála Idirmáisiúnta.

infheistíochta sna comhaontuithe saorthrádála agus infheistíochta a comhaontaíodh le déanaí, agus i gcomhréir le cuspóirí fuinnimh agus aeráide an Aontais chomh maith, lena n-áirítear Comhaontú Pháras.

Go sonrach, tá an méid seo a leanas in ECT leasaithe:

- **Forálacha nua maidir le cosaint infheistíochta, i gcomhréir le caighdeáin nua-aimseartha agus le seasaimh an Aontais**, lena n-athdhearbhaítear ceart na bPáirtithe Conarthacha bearta a dhéanamh chun cuspóirí dlísteanacha beartais a bhaint amach (**‘an ceart chun rialála’**), lena n-áirítear a mhéid a bhaineann leis an gcomhrac i gcoinne an athraithe aeráide; Ní dhéanfar ach infheisteoirí a bhfuil fíorleas eacnamaíoch acu a chosaint, gan aon chosaint a thabhairt do chuideachtaí caocha⁷;
- Forálacha nua maidir le réiteach díospóidí, lena gcosnaítear Páirtithe Conarthach ar éilimh shuaibhreasacha, lena bhforáiltear do chostais, agus lena dtugtar isteach ardlleibhéal trédhearcachta sna nósanna imeachta;
- Forálacha nua maidir le forbairt inbhuanaithe, go háirithe maidir leis an athrú aeráide, an t-aistriú chuig fuinneamh glan agus Comhaontú Pháras, lena n-ionchorpraítear go héifeachtach gealltanais Chomhaontú Pháras in ECT, agus lena gcuirtear sásra inghníomhaithe ar fáil i gcás mí-ailínithe, ar bhealach nár baineadh amach riamh cheana i gconradh iltaobhach infheistíochta;
- Thairis sin, chinntigh an tAontas forálacha d’eagraíochtaí réigiúnacha um chomhtháthú eacnamaíochta (amhail an tAontas), lena ndearbhaítear go sainráite **nach féidir eadráin infheistíochta a thabhairt faoi ECT**⁸, i gcomhréir le cásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh⁹;
- **Soiléirithe substaintiúla maidir le forálacha a bhaineann le hiompar** chun ceanglais na margaí fuinnimh comhtháite a chur san áireamh le cearta rochtana tríú páirtithe, mar atá san Aontas, gan oibleagáidí nua a chruthú don Aontas¹⁰;
- Sainmhíniú **nuashonraithe ar ghníomhaíocht eacnamaíoch in earnáil an fhuinnimh**, lena gceadaítear don Aontas, in éineacht le hIarscríbhinní EM/EM I, EQ/EQ I agus NI (féach pointe 2 thíos), cosaint infheistíochta san Aontas a ailíniú le cuspóirí fuinnimh agus aeráide an Aontais.

Níl éifeachtaí dlíthiúla, i bprionsabal, ag glacadh na leasuithe ar théacs ECT. Faoin dlí idirnáisiúnta, níl sé coibhéseach le síniú an téacs a caibidlíodh ach le hinisealacha a chur leis.

Mar thoradh air sin, molann an Coimisiún seasamh a ghlacadh thar ceann Euratom, a mhéid a bhaineann le hábhair faoi Chonradh Euratom, ag an gComhdháil maidir leis an gCairt Fuinnimh, **lena dtacófar** leis na leasuithe atá beartaithe ar ECT (CC 760).

⁷ Is éard atá i gcuideachtaí caocha cuideachtaí a bhfuil seoladh gnó acu i bPáirtí Conarthach ECT gan aon ghníomhaíocht eacnamaíoch iarbhrí a bheith acu sa Pháirtí Conarthach sin, gan ach cosaint a lorg faoi ECT.

⁸ Ba iad na héilimh sin tromlach mór na n-éileamh a rinneadh i gcoinne thíortha an Aontais le deich mbliana anuas, d’ainneoin sheasamh an Choimisiúin, arna dheimhniú ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, go gcoisctear eadráin infheistíochta laistigh den Aontas.

⁹ Cás C-284/16 *Poblacht na Slóvaice v. Achmea BV*, an 6 Márta 2018, agus C-741/19 *Poblacht na Moldóive v. Komstroy LLC*, an 2 Meán Fómhair 2021.

¹⁰ Go tábhachtach, is gealltanais ‘díchill’ iad gealltanais nua a bhaineann le rochtain tríú páirtithe, sásraí um leithdháileadh acmhainne agus taraifí, atá ‘faoi réir’ dhlíthe agus rialacháin an Aontais, agus dá bhrí sin níor ghá iad a urramú ach amháin mura gcuirfeadh siad isteach ar chreat dlíthiúil an Aontais agus ar ghealltanais idirnáisiúnta an Aontais.

Maidir le formheas na modhnuithe agus na n-athruithe atá beartaithe ar na hIarscríbhinní (CC 761)

Le hAirteagal 34(3)(m) de ECT, soláthraítear nós imeachta simplithe lena gcumhachtaítear don Chomhdháil modhnuithe ar Iarscríbhinní ECT a ghlacadh. De bharr na n-athruithe atá beartaithe ar na hIarscríbhinní a ghabhann le ECT (CC 761), tá athrú riachtanach ar an gConradh reatha: **Ábhair agus Táirgí Fuinnimh áirithe agus gníomhaíochtaí a eisiamh, trí bhíthin Iarscríbhinn NI**, ó raon feidhme na cosanta infheistíochta faoi Chuid III de ECT. Mar thoradh air sin, fuair an tAontas an ceart chun cosaint infheistíochta a bhaint amach san Aontas mar seo a leanas:

Eisiamh cosanta **do gach infheistíocht nua i mbreoslaí iontaise san Aontas ón 15 Lúnasa 2023**, le hidirthréimhse maidir le stáisiúin chumhachta gáis hidrigine/ísealcharbóin agus bonneagar a astaíonn níos lú ná 380 gCO₂/kWh – go dtí an 31 Nollaig 2030 mar réamshocrú nó go dtí an 15 Lúnasa 2033 má chuirtear iad in ionad saoráide guail, móna nó scealla ola;

Eisiamh na cosanta do **na hinfheistíochtaí uile atá ann cheana san Aontas ó thréimhse 10 mbliana tar éis theacht i bhfeidhm (nó theacht i bhfeidhm sealadach) na leasuithe ar ECT**, agus faoin 31 Nollaig 2040 ar a dhéanaí;

Cosaint do **hidrigin in-athnuaite agus ísealcharbóin agus do bhreoslaí sintéiseacha** agus dóibh sin amháin;

Cosaint do ghníomhaíochtaí maidir le **gabháil, úsáid agus stóráil carbóin** a eisiamh.

Leis na hathruithe atá beartaithe, **cuirtear raon feidhme ECT i gcomhréir le tírdhreach nua na dteicneolaíochtaí in-athnuaite agus ísealcharbóin atá riachtanach don aistriú chuig fuinneamh glas. Bainfear é sin amach trí athruithe ar Iarscríbhinn EM/EMI** (lena gcuirtear ábhair agus táirgí fuinnimh nua isteach, e.g., hidrigin agus breoslaí díorthacha amhail amóinia agus meatánól, bithmhais, bithghás agus breoslaí sintéiseacha) **agus Iarscríbhinn EQ/EQ I** (lena gcuirtear isteach trealamh fuinnimh nua, e.g., ábhair inslithe éagsúla, chomh maith le gloine inslithe ilbhallaí).

Anuas air sin, cruthaíodh Iarscríbhinní nua chun **prionsabal na cómhálartachta** a chur chun feidhme, ar dá réir nach féidir iallach a chur ar Pháirtithe Conarthacha infheistíochtaí ó Pháirtithe Conarthacha eile a chosaint má eisiatar na hinfheistíochtaí sin ón dara Páirtí in Iarscríbhinn NI, i gcaoi nach gcuirtear an sásra um réiteach díospóidí idir infheisteoirí agus an stát in Airteagal 26 de ECT (**Iarscríbhinn IA-NI nua**) nó Cuid III maidir le cosaint infheistíochta (**Iarscríbhinn NPT nua**) i bhfeidhm. Maidir le fuinneamh núicléach, a áirítear i raon feidhme an Chonartha atá ann faoi láthair, fanann sé amhlaidh tar éis athruithe ar na hIarscríbhinní, go háirithe Iarscríbhinn NI, gan aon mhodhnú ná aon athrú.

Mar thoradh air sin, molann an Coimisiún seasamh a ghlacadh thar ceann Euratom ag an gComhdháil maidir leis an gCairt Fuinnimh **lena bhformheastar** na hathruithe agus na leasuithe atá beartaithe ar na hIarscríbhinní a ghabhann le ECT (CC 761) a ghlacadh.

Maidir leis na hathruithe atá beartaithe ar Chomhthuiscintí, Dearbhuithe agus Cinntí (CC 762) a fhorghheas

Baineann athruithe a tugadh isteach ar Chomhaontuithe, Dearbhuithe agus Cinntí (CC 762) le ceartúcháin ar fhorálacha atá imithe i léig (e.g., ‘an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach’ a chur in ionad ‘na Comhphobail Eorpacha’), chomh maith le soiléirithe breise do théacs ECT (e.g., an soiléiriú go n-áirítear ‘Stáitchabhair’ mar a shainmhínítear é i ndlí an Aontais le ‘fóirdheontas’). Le formheas na n-athruithe sin ar Chomhthuiscintí, Dearbhuithe agus Cinntí, beidh téacs ECT níos soiléire agus níos beaichte.

Mar thoradh air sin, molann an Coimisiún gurb é an seasamh atá le glacadh thar ceann Euratom ag an gComhdháil maidir leis an gCairt Fuinnimh maidir leis an ábhar sin na hathruithe atá beartaithe ar Chomhthuisceantí, Dearbhuithe agus Cinntí (CC 762) **a fhorpheas.**

Maidir leis an cinneadh i dtaobh teacht i bhfeidhm agus chur i bhfeidhm sealadach leasuithe ar théacs ECT agus athruithe/modhnuithe ar na hIarscríbhinní a ghabhann leis (CC 763) a fhorpheas

Formheasfaidh an Chomhdháil cinneadh lena ndéantar foráil maidir leis na módúlachtaí seo a leanas maidir le teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm sealadach na leasuithe atá beartaithe ar ECT agus na hathruithe ar a Iarscríbhinní (CC 763):

- **Tiocfaidh na leasuithe ar théacs ECT** i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 42(4) de ECT. Ciallaíonn sé sin go dtiocfaidh na leasuithe i bhfeidhm a luaithe a dhaingneoidh trí cheathrú de na Páirtithe Conarthacha iad. Anuas air sin, déantar foráil leis an gcinneadh go gcuirfidh na Páirtithe Conarthacha uile na leasuithe i bhfeidhm go sealadach mar réamhshocrú ón 15 Lúnasa 2023, mura ndéanfaidh siad dearbhú a thaisceadh faoin 23 Feabhra 2023 nach bhfuil siad in ann é sin a dhéanamh;
- **Athruithe ar Roinn C d'Iarscríbhinn NI**, ina bhfuil, go háirithe, na rialacha lena bhforáiltear d'idirthrímhse 10 mbliana chun deireadh a chur de réir a chéile le cosaint infheistíochtaí atá ann cheana i mbreoslaí iontaise san Aontas, agus **athruithe ar Iarscríbhinní eile:** tiocfaidh na hathruithe sin i bhfeidhm nuair a thiocfaidh na leasuithe ar ECT i bhfeidhm (féach thuas). Déanfaidh na Páirtithe Conarthacha uile Roinn C d'Iarscríbhinn NI agus athruithe ar Iarscríbhinní eile a chur i bhfeidhm go sealadach mar réamhshocrú mura ndéanfaidh siad dearbhú dá mhalairt faoin 23 Feabhra 2023 (féach thuas);
- **Athruithe ar Roinn B d'Iarscríbhinn NI**, ina bhfuil, go háirithe, rialacha lena bhforáiltear d'eisiamh infheistíochtaí nua i mbreoslaí iontaise ón gcosaint san Aontas, tiocfaidh siad i bhfeidhm go huathoibríoch an 15 Lúnasa 2023 gan aon daingniú breise;
- **Tiocfaidh Athruithe ar Chomhaontuithe, Dearbhuithe agus Cinntí** i bhfeidhm an 22 Samhain 2022 a mhéid a bhaineann siad le ceartúcháin ar thagairtí atá imithe i léig. Tiocfaidh na hathruithe atá fágtha i bhfeidhm nuair a thiocfaidh na leasuithe ar ECT i bhfeidhm. Idir an dá linn, beidh feidhm shealadach acu ar an mbealach céanna leis na leasuithe ar ECT.

Tá módúlachtaí teacht i bhfeidhm agus chur i bhfeidhm sealadach na leasuithe ar ECT agus Roinn C d'Iarscríbhinn NI, chomh maith leis na hathruithe ar Iarscríbhinní eile, i gcomhréir le forálacha ECT bunaidh a mhéid a bhaineann le teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm sealadach. Ina theannta sin, bhain an tAontas amach go dtiocfaidh Roinn B d'Iarscríbhinn NI i bhfeidhm go huathoibríoch ón 15 Lúnasa 2023, lena ndaingnítear tuilleadh dáta teacht i bhfeidhm ghearradh amach an Aontais maidir le hinfeistíochtaí nua i mbreoslaí iontaise i dtaca le hinfeistíochtaí nua.

Mar thoradh air sin, molann an Coimisiún gurb é an seasamh atá le glacadh thar ceann Euratom, a mhéid a bhaineann le hábhair faoi Chonradh Euratom, ag an gComhdháil maidir leis an gCairt Fuinnimh an cinneadh maidir le teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm sealadach leasuithe ar théacs ECT agus athruithe/modhnuithe ar na hIarscríbhinní a ghabhann leis (CC 763) **a fhorpheas.**

2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Prionsabail

Níl aon fhoráil i gConradh Euratom atá coibhéiseach le hAirteagal 218(9) CFAE maidir le cinní ón gComhairle lena leagtar síos na seasaimh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gcomhlacht arna chur ar bun le comhaontú, nuair a iarrtar ar an gcomhlacht sin gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo a ghlacadh. Nuair a ghlacann comhlacht a bhunaítear le comhaontú arna thabhairt i gcrích ag Euratom, amhail ECT, gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo, beidh feidhm ag na nósanna imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 101 de Chonradh Euratom.

Déantar foráil in Airteagal 101, mír 1, de Chonradh Euratom, maidir leis an méid seo a leanas: *‘Féadfaidh an Comhphobal, laistigh de theorainneacha a chumhachtaí agus a inniúlachtaí, dul faoi oibleagáidí trí chomhaontuithe nó conarthaí a dhéanamh le tríú Stát, le heagraíocht idirnáisiúnta nó le náisiúnach de thríú Stát’.*

Déantar foráil in Airteagal 101, mír 2, de Chonradh Euratom, maidir leis an méid seo a leanas: *‘Déanfaidh an Coimisiún na comhaontuithe nó na conarthaí sin a chaibidliú de réir theoracha na Comhairle; tabharfaidh an Coimisiún i gcrích iad le formheas ón gComhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe.’*

Cur i bhfeidhm maidir leis an gcás seo

Is comhaontú idirnáisiúnta é an Conradh um Chairt Fuinnimh, a bhfuil, *inter alia*, Euratom ina pháirtí ann.

An 22 Samhain 2022, iarrfar ar an gComhdháil maidir leis an gCairt Fuinnimh gníomhartha a ghlacadh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo. Beidh na gníomhartha sin ceangailteach faoin dlí idirnáisiúnta. Mar thoradh air sin, de bhun Airteagal 101, mír 2 de Chonradh Euratom, beidh siad faoi réir fhormheas na Comhairle ag gníomhú di trí thromlach cáilithe.

Na cinní atá le glacadh ag an gComhdháil maidir leis an gCairt Fuinnimh chun modhnuithe agus athruithe ar na hIarscríbhinní a ghabhann le ECT (CC 761) a fhormheas, chomh maith leis na hathruithe atá beartaithe ar Chomhthuisicintí, Dearbhuithe agus Cinní (CC 762) a fhormheas, is gníomhartha iad a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla ceangailteacha acu faoin dlí idirnáisiúnta. Is é is cúis leis sin go ndeonaíonn ECT an chumhacht don Chomhdháil maidir leis an gCairt Fuinnimh chun Iarscríbhinní, Comhthuisicintí, Dearbhuithe agus Cinní ECT a leasú gan aon ghá le daingniú ina dhiaidh sin ag na Páirtithe Conarthacha. Faoi Airteagal 48 de ECT, is cuid dhílis den Chonradh iad na hIarscríbhinní agus na Cinní.

An cinneadh atá le glacadh ag an gComhdháil maidir le Cairt Fuinnimh chun an cinneadh maidir le teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm sealadach leasuithe ar théacs ECT agus athruithe/modhnuithe ar na hIarscríbhinní a ghabhann leis (CC 763) a fhormheas, is gníomh é a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla ceangailteacha aige faoin dlí idirnáisiúnta ós rud é go gcuireann sé oibleagáid ar na Páirtithe Conarthacha téacs ECT agus athruithe ar ranna áirithe de na hIarscríbhinní a chur i bhfeidhm go sealadach ón 15 Lúnasa 2023, mura dtaisctear aon dearbhú dá mhalairt roimh an 23 Feabhra 2023.

An cinneadh atá le glacadh ag an gComhdháil maidir leis an gCairt Fuinnimh chun na leasuithe atá beartaithe ar théacs ECT (CC 760) a ghlacadh, is gníomh é, in imthosca ar leith an cháis, a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla ceangailteacha aige faoin dlí idirnáisiúnta toisc go bhfuil sé le glacadh go comhuaineach leis an gcinneadh maidir le teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm sealadach leasuithe ar théacs ECT (CC 763 — féach thuas), rud a chuireann

oibleagáid ar na Páirtithe Conarthacha na leasuithe sin a chur i bhfeidhm go sealadach ón 15 Lúnasa 2023 mura dtaiscfear dearbhú dá mhalairt roimh an 23 Feabhra 2023.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 101, mír 2, de Chonradh Euratom an bunús dlí don nós imeachta, ós rud é nach bhfuil aon fhoráil i gConradh Euratom atá coibhéiseach le hAirteagal 218(9) CFAE le haghaidh cinntí ón gComhairle lena leagtar síos na seasaimh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gcomhlacht arna chur ar bun le comhaontú.

Foilsíú na ngníomhartha atá beartaithe

Ós rud é go leasófar na hlarscríbhinní a ghabhann le ECT le cinntí na Comhdhála maidir leis an gCairt Fuinnimh, is iomchuí iad a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* tar éis a nglactha.

Togra le haghaidh

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann Euratom ag an 33ú cruinniú den Chomhdháil maidir leis an gCairt Fuinnimh

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 101, mír 2 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Thug an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach ('Euratom') an Conradh um Chairt Fuinnimh ('an Comhaontú') i gcrích le Cinneadh 98/181/CE ón gComhairle agus ón gCoimisiún, CEGC, Euratom an 23 Meán Fómhair 1997 maidir leis na Comhphobail Eorpacha do thabhairt i gcrích an Chonartha um Chairt Fuinnimh agus an Phrótaicail um Chairt Fuinnimh maidir le héifeachtúlacht fuinnimh agus gnéithe gaolmhara comhshaoil (IO L 69, 9.3.1998, lgh. 1-116) agus tháinig sé i bhfeidhm an 16 Aibreán 1998.
- (2) De bhun Airteagal 34 den Chomhaontú, glacann an Chomhdháil maidir leis an gCairt Fuinnimh le téacsanna leasuithe ar an gComhaontú agus formheasann sí modhuithe ar na hIarscríbhinní a ghabhann le ECT agus athruithe teicniúla orthu.
- (3) Tá an Chomhdháil maidir leis an gCairt Fuinnimh, le linn an 33ú cruinniú a bhí aici an 22 Samhain 2022, leis na leasuithe ar an gConradh um Chairt Fuinnimh (CC 760) atá beartaithe a ghlacadh agus formheasfaidh sí (i) na modhuithe agus na hathruithe ar na hIarscríbhinní atá beartaithe a ghabhann leis an gConradh um Chairt Fuinnimh (CC 761) , (ii) na hathruithe ar Chomhaontuithe, Dearbhuithe agus Cinntí (CC 762) atá beartaithe, agus (iii) an cinneadh maidir le teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm sealadach leasuithe ar an gConradh um Chairt Fuinnimh agus athruithe/modhuithe ar na hIarscríbhinní a ghabhann leis (CC 763).
- (4) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann Euratom ag an gComhdháil maidir leis an gCairt Fuinnimh a bhunú, ós rud é go mbeidh na gníomhartha thuasluaite ina gceangal ar an Euratom, a mhéid a bhaineann le hábhair a thagann faoi Chonradh Euratom.
- (5) Toisc nach ndearnadh aon nuashonrú substaintiúil ar ECT ó bhí na 1990idí ann, chuaigh an Comhaontú as dáta de réir a chéile. Is iomchuí an Comhaontú a leasú chun é a ailíniú le prionsabail Chomhaontú Pháras, le ceanglais na forbartha inbhuanaithe agus leis an gcomhrac i gcoinne an athraithe aeráide, chomh maith le caighdeáin nua-aimseartha maidir le cosaint infheistíochta.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Is é seo a leanas an seasamh atá le glacadh thar ceann Euratom, a mhéid a bhaineann le hábhair a thagann faoi Chonradh Euratom, ag an 33ú cruinniú den Chomhdháil maidir leis an gCairt Fuinnimh:

- (a) tacú le glacadh na leasuithe atá beartaithe ar an gConradh um Chairt Fuinnimh (CC 760) ag an gComhdháil;
- (b) na modhnuithe agus na hathruithe atá beartaithe ar na hIarscríbhinní a ghabhann leis an gConradh um Chairt Fuinnimh (CC 761) a fhorghnais;
- (c) na hathruithe atá beartaithe ar Chomhthuisceintí, Dearbhuithe agus Cinní (CC 762) a fhorghnais; agus
- (d) an cinneadh maidir le teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm sealadach leasuithe ar théacs an Chonartha um Chairt Fuinnimh agus athruithe/modhnuithe ar na hIarscríbhinní a ghabhann leis (CC 763) a fhorghnais.

Airteagal 2

Is chuig an gCoimisiún Eorpach a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán*